Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9479/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0196(COD)**

**COH 12**
**SOC 377**
**PECHE 181**
**CADREFIN 278**
**CODEC 828**
**JAI 671**
**SAN 363**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 291 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, agus Ciste Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus víosaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 291 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 291 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2021
COM(2021) 291 final

2018/0196 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, agus Ciste Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus víosaí**

2018/0196 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, agus Ciste Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus víosaí**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2018) 375 final – 2018/0196 (COD)): | an 29 Bealtaine 2018 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 17 Deireadh Fómhair 2018 |
| Dáta na tuairime ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: | an 31 Deireadh Fómhair 2018 |
| Dáta na tuairime ó Choiste na Réigiún: | an 6 Nollaig 2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 27 Márta 2019 |
| An dáta a tíolacadh na tograí leasaithe<br>(doiciméad COM(2020) 23 final – 2018/0196 (COD))<br>(doiciméad COM(2020) 450 final – 2018/0196 (COD)): | an 14 Eanáir 2020 – an 28 Bealtaine 2020 |
| Dáta na tuairime ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: | an 14 Meitheamh 2020 |
| Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chinn sé gan tuairim a eisiúint | / |
| Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint. | / |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | an 27 Bealtaine 2021 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR) forálacha coiteanna a leagan amach maidir le hocht gcinn de chistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. Leis an togra féin, laghdófar ilroinnt na rialacha, sa dóigh go mbeidh sraith choiteann de rialacha bunúsacha ann maidir leis na cistí seo a leanas:

- CFRE: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
- CC: an Ciste Comhtháthaithe
- CSE+: Ciste Sóisialta na hEorpa Plus
- CUAC: Ciste um Aistriú Cóir
- CEMID: an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe
- CTIL: an Ciste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht
- IBTV: an Ionstraim le haghaidh Tacaíochta Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus Víosaí
- CSI: Ciste Slándála Inmheánaí

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí struchtúir agus fhorálacha CPR mar atá beartaithe:

1. Ualach riaracháin neamhriachtanach ar thairbhithe agus ar chomhlachtaí bainistíochta a laghdú go mór, agus ardleibhéal dearbhaithe á chaomhnú maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht. Is é sin an príomhphrionsabal is treoir don chur chuige le haghaidh 2021-2027, agus cuimsíonn sé sin líon mór simplithe agus ailínithe sna rialacháin trí chéile – go háirithe maidir leis an méid seo:

   i. Níl aon cheanglas ann maidir leis an bpróiseas ainmniúcháin le haghaidh na coda sin de na córais bhainistíochta agus rialaithe atá ag na húdaráis (agus bearta eile lena n-éascaítear seoladh an chláir). Tuilleadh úsáide a bhaint as ‘socruithe comhréireacha’, a fhágann gur féidir le cláir ar beag an riosca a bhaineann leo, gur féidir leo brath níos mó ar na córais náisiúnta;

   ii. Cur chun cinn breise na roghanna costais simplithe agus úsáid na n-íocaíochtaí bunaithe ar chomhlíonadh na gcoinníollacha nó le gnóthú na dtorthaí;

   iii. Ionstraimí airgeadais.

2. An tsolúbthacht a mhéadú chun cuspóirí agus acmhainní na gclár a choigeartú i bhfianaise athruithe ar chúinsí agus, ina theannta sin, i ndáil le ranníocaíochtaí deonacha le hionstraimí faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach ar leibhéal an Aontais.

3. Na cláir a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le tosaíochtaí an Aontais agus a n-éifeachtacht a mhéadú. Áirítear air sin:

   i. Loighic agus tuairisciú na hidirghabhála a ailíniú le ceannteidil an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil agus na ceanglais comhdhlúthaithe le haghaidh cistí an bheartais comhtháthaithe maidir le cúig chuspóir beartais: 1) Eoraip níos iomaíche agus níos cliste, 2) Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach; 3) Eoraip níos nasctha; 4) Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí; 5) Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh;

ii. Nasc níos dlúithe a chothú le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus le haghaidh cistí HOME agus le moltaí eile ón Aontas (e.g. moltaí meastóireachta Schengen);

iii. Coinníollacha cumasaithe fónta a leagan síos nach mór a chomhlíonadh feadh na tréimhse cur chun feidhme.

Dearbhaítear leis freisin an leithdháileadh agus an chothromaíocht foriomlán airgeadais idir cistí an bheartais comhtháthaithe, catagóirí réigiún agus spriocanna.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Léirítear go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, áirítear an méid seo a leanas ar na hathruithe is tábhachtaí a tugadh isteach:

**Clársceidealú, aistrithe, athbhreithniú meántéarma agus coinníollacha cumasaithe**

- Cuireadh airteagal nua isteach lena n-áirítear na spriocanna ranníocaíochta aeráide le haghaidh CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe (30 % agus 37 %), mar aon leis an sásra coigeartaithe aeráide i gcás ina léiríonn an faireachán nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta ionsar an sprioc rannchuidithe aeráide a bhaint amach. Bunaítear comhéifeachtaí aeráide le haghaidh gach ceann de na réimsí idirghabhála in Iarscríbhinn I.
- Neartaítear na forálacha maidir le comhpháirtíocht trí fhoráil a dhéanamh go bhféadfar céatadán iomchuí de na hacmhainní ó na Cistí a leithdháileadh d'fhothú acmhainneacht riaracháin na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta, agus go bhféadfar ról an Chóid iompair a bheith mar bhonn taca i ndáil le comhpháirtíocht (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014) i ngach céim den chlársceidealú agus den chur chun feidhme. Ghlac an Chomhairle leis an airteagal maidir le Prionsabail Chothrománacha a chur isteach, mar a d'iarr an Pharlaimint agus mar atá ailínithe le foclaíocht an Chonartha. Ba cheart an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', i measc cuspóirí eile, a chur san áireamh i gcuspóirí na gCistí.
- Is é an Comhaontú Comhpháirtíochta an príomhdhoiciméad go fóill, doiciméad ina leagtar amach an treoshuíomh straitéiseach le haghaidh clársceidealaithe agus na socruithe i ndáil le cur chun feidhme na gCistí. Níor cuireadh CTIL, CSI agus IBTV san áireamh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta. Mar sin féin, cumhdóidh an Comhaontú Comhpháirtíochta go fóill an comhordú idir na hocht gCiste CPR, lena n-áirítear idir CTIL, CSI agus IBTV, mar aon leis na comhlántachtaí le hionstraimí eile de chuid an Aontais. Ní féidir an Comhaontú Comhpháirtíochta a leasú ach uair amháin, tar éis an athbhreithnithe mheántéarma.
- Cumasaítear níos mó solúbthachta maidir leis an aistriú acmhainní, cuir i gcás:
  - Rinneadh idirdhealú idir na huasteorainneacha le haghaidh ranníocaíochtaí le InvestEU ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CEMID i ndá chéim (suas le 2 % de gach Ciste ag tús na clárthréimhse agus suas le 3 % tar éis an 1 Eanáir 2023);
  - Foráil a thabhairt isteach maidir le haistrithe ar ais, i gcás acmhainní nár úsáideadh, le haghaidh aistrithe i measc Chistí CPR – suas le 5 % (seachas i gcás aistrithe i measc thrí chiste an bheartais chomhtháthaithe – féach thíos)

agus le haghaidh aistrithe ó Chistí CPR chuig aon ionstraim atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach – suas le 5 %;

  - Tá méadú tagtha ar na huasteorainneacha le haghaidh aistrithe i measc cistí an bheartais comhtháthaithe – suas le 20 % (25 % le haghaidh na Seicia);
  - Is ar bhonn deonach atá na haistrithe ó CFRE agus ó CSE+ chuig CUAC anois;
  - Modhnaíodh an deis acmhainní a aistriú idir catagóirí réigiún de réir leibhéal forbartha na mBallstát (5 % suas le 15 % le haghaidh tíortha a bhfuil OIN *per capita* (in CCC le haghaidh 2015-2017) faoi bhun 90 % de mheán an Aontais acu).

- Ar choinníollacha cumasaithe, beidh cead ag na Ballstáit iarratais ar íocaíocht a chur isteach a chomhfhreagraíonn do chuspóirí sonracha nach bhfuil na coinníollacha cumasaithe ina leith comhlíonta. Ní dhéanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí sula gcomhlíonfar iad.
- Creat feidhmíochta agus athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe – tugadh isteach méid solúbthachta, a chomhfhreagraíonn do 50 % de na leithdháiltí sa dá bhliain deiridh den chlárthréimhse, méid a leithdháilfear go cinntitheach sna cláir tar éis an athbhreithnithe mheántéarma in 2025 amháin.
- Rinneadh an tréimhse inar féidir leis an gCoimisiún bearta sealadacha a mholadh mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha a theorannú do 18 mí. Léiríodh imní maidir leis na forálacha nua i ndáil leis an gcomhphlé struchtúrtha agus tá dearbhú eisithe ag an gCoimisiún dá réir sin.
- Tugadh isteach roinnt srianta san iarratas atá teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de i ndáil le bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fónta agus tugadh isteach roinnt athruithe sa nós imeachta comhfhreagrach (coinníollacht mhaicreacnamaíoch). Rinneadh na cláir CSE+ uile a eisiamh ó chur i bhfeidhm na bhforálacha sin.
- Cuireadh an deis cuspóir beartais 5 a chur chun feidhme faoin gcoinníoll go n-úsáidtear ceann amháin de na trí chineál ionstraimí críochacha: infheistíochtaí críochacha comhtháite, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD) agus uirlisí críochacha eile. Rinneadh ról rogha an chiste cheannasaigh a shoiléiriú i gcás CLLD, le tacaíocht fhéideartha a fháil ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).
- Tugadh isteach an deis chun cúnamh teicniúil a chlárú, mar rogha ar chur chuige an ráta chomhréidh, seachas Cistí HOME agus Interreg, trí úsáid a bhaint as na céatadáin éagsúla a bhunaítear le haghaidh gach ceann de na Cistí.

**Faireachán, meastóireacht, cumarsáid agus infheictheacht**

- Deimhníodh cearta vótála gach comhalta de na Coistí Faireacháin.
- Laghdaíodh ról an choiste faireacháin faoi CEMID chuig ról comhairliúcháin i ndáil leis na leasuithe a dhéantar ar chláir a fhormheas.
- Ní bheidh gá leis an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a thuilleadh maidir le CEMID.
- Rinneadh minicíocht tharchur leictreonach na sonraí airgeadais a laghdú ó shé huaire go cúig huaire agus go dhá uair sa bhliain le haghaidh sonraí táscairí, rud atá ina mhéadú go fóill ar an dá uair go trí huaire sa bhliain atá ann faoi láthair le haghaidh

chistí an bheartais comhtháthaithe agus uair sa bhliain le haghaidh CTIL, CSI agus IBTV (bunaítear na sonraí atá le tarchur in Iarscríbhinn VII).

- Rinneadh minicíocht fhoilsiú liostaí nuashonraithe na n-oibríochtaí a laghdú ón gach trí mhí a bhí beartaithe go gach ceithre mhí – ach níos minice ná mar a dhéantar faoi láthair.
- Tugadh tuilleadh mionsonraithe maidir leis na hoibleagáidí atá ar dhaoine nádúrtha agus ar fhaighteoirí deiridh inbhuanaithe chun tacaíocht ón Aontas a phoibliú. Ina theannta sin, rinneadh leibhéal an cheartaithe airgeadais a laghdú ó 5 % go 3 % i gcásanna nach gcomhlíonann na tairbhithe an oibleagáid chun tacaíocht a fhaightear ón Aontas a phoibliú.
- Tugadh isteach foráil nua lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a fhoilsiú, seachas i gcás ina n-eisiafar foilsiú den chineál sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ar chúiseanna slándála, oird phoiblí, imscrúduithe coiriúla nó cosaint sonraí pearsanta.

**<u>Tacaíocht airgeadais ó na Cistí, lena n-áirítear na forálacha le haghaidh ionstraimí airgeadais agus rialacha incháilitheachta</u>**

- Tugadh isteach forálacha maidir le deontais faoi choinníollacha, le coimircí breise i dtaca le hathúsáid na méideanna a aisíocadh i gcomparáid le 2014-2020.
- Tugadh isteach dámhachtain dhíreach maidir le bainistiú na hionstraime airgeadais ar BEI, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus bainc atá faoi úinéireacht phoiblí.
- Tugadh isteach forálacha breise maidir le hionstraimí airgeadais a cuireadh chun feidhme thar chlárthréimhsí i ndiaidh a chéile – d’fhonn soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú.
- Tugadh isteach an deis CBL a bheith incháilithe le haghaidh oibreoirí arb é EUR 5 000 000 ar a laghad a gcostas iomlán (CBL san áireamh), i gcás nach bhfuil sé inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL. Áirítear rialacha sonracha freisin maidir le hoibríochtaí lena gcomhcheanglaítear ionstraimí airgeadais le cineál deontais.
- Tá méadú tagtha ar na costais agus ar na táillí bainistíochta faoi ionstraimí airgeadais arna ndámhachtain go díreach agus rinneadh idirdhealú orthu, le 5 % agus 7 % le haghaidh an chiste sealbhaíochta, agus 7 % agus 15 % le haghaidh cistí sonracha faoi seach.

**<u>Córas bainistíochta agus rialúcháin</u>**

- Leathnaíodh na gníomhaíochtaí is gá do na Ballstáit a dhéanamh chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a thuairisciú agus áirithítear ar na gníomhaíochtaí sin bailiú faisnéise maidir le húinéirí tairbhiúla faighteoirí cistithe i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII. Is ar bhonn deonach i gcónaí a bhaintear úsáid as uirlis aonair mianadóireachta sonraí in ainneoin an chomhaontaithe idirinstitiúideach. Tá dearbhú eisithe ag an gCoimisiún dá réir sin.
- Cé go n-áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na malartuithe faisnéise uile idir na tairbhithe agus údaráis an chláir trí bhíthin córais um malartú sonraí leictreonacha (atá riachtanach le haghaidh Cistí HOME agus CEMID ón 1 Eanáir 2023), tugadh isteach eisceacht lena gcumasaítear an t-údarás bainistíochta glacadh go heisceachtúil le malartuithe faisnéise i bhformáid pháipéir, ar iarraidh shainráite ón tairbhí.

- Leagtar amach in Iarscríbhinn XII formáid na tuarascála ó na Ballstáit maidir le neamhrialtachtaí i gcomhréir leis na critéir lena gcinntear na cásanna neamhrialtachta atá le tuairisciú, seachas an gníomh cur chun feidhme a moladh i dtús báire.
- Rinneadh roinnt rialacha a bhaineann le rogha na n-oibríochtaí a shoiléiriú, maidir leis an nasc le straitéisí um speisialtóireacht chliste go háirithe le haghaidh roinnt cuspóirí sonracha faoi PO1 agus leasaíodh ról an Choimisiúin i ndáil leis na rialacha a bhaineann le rogha na n-oibríochtaí (gan aon chomhairliúchán, seachas le haghaidh faisnéise, 15 lá roimh an gcoiste faireacháin).
- Tugadh isteach sprioc-am 80 lá le haghaidh íocaíochtaí ón údarás bainistíochta ón dáta a chuirfidh an tairbhí an t-éileamh ar íocaíocht isteach (i gcoinne 90 lá mar a mhol an Coimisiún).
- Maidir le fíoruithe bainistíochta, cuireadh tuairisc ar na rioscaí atá scríofa ar bhealach níos simplí in ionad na straitéise bainistithe riosca a éilítear. Thairis sin, tugadh isteach an deis a bheith ag CTIL, CSI agus IBTV rialacha sonracha maidir leis na fíoruithe bainistíochta a bhunú, i gcás inarb eagraíocht idirnáisiúnta é an tairbhí.

**Bainistíocht airgeadais**

- Tá laghdú tagtha ar an ráta coinneála ó iarratais ar íocaíocht eatramhach ó 10 % go 5 %, rud a fhágann go bhfuil imní ann, agus tá dearbhú eisithe ag an gCoimisiún dá réir sin.
- Tá méadú tagtha ar líon na n-iarratas ar íocaíocht a seoltar in aghaidh na bliana ón gceithre cinn atá molta go sé cinn.
- Tugadh isteach an deis réamhíocaíochtaí a íoctar le tairbhithe a fhaigheann cabhair ó Stát a chuimsiú in iarratais ar íocaíocht.
- Tá méadú tagtha ar an méid a cheadaítear a chuimsiú sa chéad íocaíocht i leith ionstraimí airgeadais ó 25 % go 30 %.
- Rialacha maidir le saoradh: tugadh isteach riail N+3 le haghaidh 2021-2026, agus an dáta deiridh incháilitheachta á choinneáil ar bun ag deireadh na bliana 2029.
- Rialacha réamh-mhaoiniúcháin: tugadh imréiteach réamh-mhaoinithe bliantúil isteach le haghaidh 2021 agus 2022 (críochnaíonn an chéad bhliain chuntasaíochta an 30 Meitheamh 2022), lena gcoinnítear an t-imréiteach ar bun sa bhliain chuntasaíochta dheiridh le haghaidh na mblianta eile. I ndáil le cistí CTIL, CSI agus IBTV, cuimsíodh maolú i gcás rátaí réamh-mhaoiniúcháin atá le socrú sna rialacháin Chiste-shonracha agus imréiteach tráth nach déanaí ná an bhliain deiridh chuntasaíochta. Tá imní ann maidir leis an úsáid theoranta a bhaintear as imréiteach bliantúil agus tá dearbhú eisithe ag an gCoimisiún dá réir sin.

**<u>Creat airgeadais, lena n-áirítear forálacha maidir le hacmhainní, rátaí cómhaoinithe (beartas comhtháthaithe amháin)</u>**

- Rinneadh mionchoigeartú ar mhéid agus ar dháileadh acmhainní, i gcomhréir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil.
- Rinneadh an tagairt d’aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (‘réigiúin ar leibhéal NUTS 2’) a nuashonrú, lena n-áirítear tagairt do Rialachán (AE) 2016/2066 ón gCoimisiún. Rinneadh an bonn ríomha maidir leis na hacmhainní a nuashonrú, leis an tagairt do bhonn na bhfigiúr atá ag an Aontas le haghaidh na tréimhse 2015-2017.

- Tá méadú tagtha ar na rátaí cómhaoinithe agus rinneadh breis idirdhealaithe orthu: réigiúin bheagfhorbartha – 85 %, réigiúin trasdula – 60 %, réigiúin níos forbartha – 40 %, réigiúin trasdula a aicmíodh a bheith ina réigiúin bheagfhorbartha i gclárthréimhse 2014-2020 – 70 %; réigiúin níos forbartha ar réigiúin trasdula iad nó ag a raibh OTI *per capita* faoi bhun 100 % le haghaidh na tréimhse 2014-2020 – 50 %; Ciste Comhtháthaithe – 85 %; Interreg – 80 %; réigiúin is forimeallaí – 85 %. Maidir le CUAC, beidh na rátaí níos airde le haghaidh réigiúin trasdula agus réigiúin níos forbartha: (a) 85 % le haghaidh réigiúin lagfhorbartha; (b) 70 % le haghaidh réigiúin trasdula; (c) 50 % le haghaidh réigiún níos forbartha.
- Deimhníodh an t-aistriú EUR 10 billiún ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE, chomh maith leis an roinnt 70 % / 30 % den leithdháileadh náisiúnta go dtí an 1 Eanáir 2024 agus glaonna iomaíocha, ach bunaíodh rialacha sonracha le haghaidh na mBallstát ar lú a n-ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita* arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh agus a ríomhtar ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh na tréimhse 2015-2017 ná 60 % de mheán OIN *per capita* an AE-27 – 70 % de 70 % den mhéid a d'aistrigh siad chuig SCE, beidh ráthaíocht aige go dtí an 1 Eanáir 2025.

**<u>Ábhar/sainmhínithe: tarmligean cumhachta, forálacha cur chun feidhme, idirthréimhseacha agus deiridh</u>**

- Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint – tugadh isteach airteagal nua a bhfuil foras dlíthiúil le próiseáil sonraí pearsanta ag gabháil leis i bhfoirm oibleagáide ó thaobh an úsáid a bhaineann údaráis an chláir as sonraí pearsanta.
- Bunaíodh sainmhínithe athbhreithnithe nó sainmhínithe nua ar oibreoir eacnamaíoch, ar thairbhí, ar choinníollacha cumasaithe, ar thosaíocht CEMID agus ar rátaí earráidí iarmharacha.
- Tugadh isteach foráil nua chun a dheimhniú go ndéanfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle CPR a athbhreithniú faoin 31 Nollaig 2027, i gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, glacann sé leis an seasamh ón gComhairle.

Ar an lámh eile, i ndáil le roinnt leasuithe a mheastar gur mó fadhbanna a bhaineann leo, tá ceithre dhearbhú eisithe ag an gCoimisiún maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

1) 'Imréiteach réamh-mhaoinithe',

2) 'Comhphlé struchtúrtha faoi bhearta sealadacha chun Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha',

3) 'Bearta breise chun buiséad an Aontais agus acmhainní Next Generation EU (NGEU) i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí trína cheangal go n-úsáidtear aon uirlis aonair mianadóireachta amháin arna soláthar ag an gCoimisiún', agus

4) 'Buiséad an Aontais a chosaint trí chéatadán de na híocaíochtaí chuig cláir bainistíochta comhroinnte a choinneáil siar'.

Foilseofar na ráitis i Sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

***1. Imréiteach réamh-mhaoinithe***

| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an imréiteach réamh-mhaoinithe** |
|---|
| Cuireadh san áireamh sna huasteorainneacha íocaíochta i rialachán CAI an toimhde go ndéanfaí an réamh-mhaoiniú uile a imréiteach ar bhonn bliantúil. Measann an Coimisiún go bhféadfaí dul níos faide ná uasteorainneacha CAI is infheidhme maidir le leithreasuithe íocaíochta a bheith mar thoradh ar an gcomhaontú ar ar tháinig na comhreachtóirí maidir le CPR, agus na próifílí íocaíochta a bhfuiltear ag súil leo á gcur san áireamh. D'fhéadfadh riaráiste íocaíochta a bheith mar thoradh air sin sa dara leath den chéad tréimhse eile. |

***2. Comhphlé struchtúrtha faoi Bhearta sealadacha chun Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha.***

| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an gcomhphlé struchtúrtha faoi bhearta sealadacha chun Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha** |
|---|
| Leis na forálacha a ghlac na comhreachtóirí, ceanglaítear ar an gCoimisiún an Pharlaimint agus an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach faoin measúnú ar an gcás maidir leis na himthosca eisceachtúla agus neamhghnácha. Cuireann na comhreachtóirí de cheangal ar an gCoimisiún iad a chur ar an eolas láithreach maidir leis an obair leantach atá beartaithe trí bhearta sealadacha chun na Cistí a úsáid agus chun aird chuí a thabhairt ar na seasaimh a ghlacfar agus na tuairimí a chuirfear in iúl tríd an gcomhphlé struchtúrtha a bhféadfaidh an Pharlaimint nó an Chomhairle cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuige.<br><br>Níl na ceanglais sin i gcomhréir le hAirteagal 291(2) agus (3) CFAE agus Rialachán maidir le Nós Imeachta Coistí Uimh. 182/2011, rialacháin nach bhforáiltear iontu maidir le haon rannpháirtíocht ón bParlaimint agus ón gComhairle i rialú ar fheidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún. D'fhéadfadh cásanna ina mbeadh cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin srianta a bheith mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún na ceanglais sin a chomhlíonadh ach amháin a mhéid nach gcuireann siad sin isteach ar a gcumhachtaí cur chun feidhme mar a rialaítear iad faoi Airteagal 291 CFAE agus Rialachán maidir le Nós Imeachta Coistí Uimh. 182/2011.<br><br>Ní féidir na forálacha sin a mhacasamhlú in aon chás i gcreat dlíthiúil eile i gcás nach ndéantar foráil maidir le haon imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha. |

***3. Bearta breise chun buiséad an Aontais agus acmhainní Next Generation EU (NGEU) i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí trína cheangal go n-úsáidtear aon uirlis mianadóireachta sonraí amháin arna soláthar ag an gCoimisiún***

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na bearta breise chun buiséad an Aontais agus Next Generation EU i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí trína cheangal go n-úsáidtear aon uirlis mianadóireachta sonraí amháin arna soláthar ag an gCoimisiún**

Le Pointí 30 go 33 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach, ceanglaítear ar an gCoimisiún córas comhtháite idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin a chur ar fáil, lena n-áirítear uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca chun measúnú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí atá ag teastáil d'fhonn go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar bhealach ginearálaithe é. Thairis sin, d'aontaigh na trí institiúid go n-oibreoidís i gcomhar le chéile go dúthrachtach, le linn an nós imeachta reachtaigh a bhaineann leis na bunghníomhartha ábhartha, chun obair leantach maidir leis an ngné seo ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Iúil 2020 a áirithiú.

Measann an Coimisiún nach leor an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air faoi Airteagal 69(2) (freagrachtaí na mBallstát) maidir le húsáid éigeantach aon uirlis mianadóireachta sonraí amháin agus bailiú agus anailísiú sonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla fhaighteoirí an chistithe, nach leor é chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus Next Generation EU in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí agus chun seiceálacha éifeachtúla ar choinbhleachtaí leasa, neamhrialtachtaí, saincheisteanna cistithe dúbailte agus mí-úsáid choiriúil na gcistí a áirithiú. Dá bhrí sin, an cur chuige ar ar aontaigh na comhreachtóirí i Rialachán na bhForálacha Coiteanna, ní léiríonn an cur chuige sin go hiomchuí uaillmhian agus spiorad inmhianaithe an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh.

***4. Buiséad an Aontais a chosaint trí chéatadán de na híocaíochtaí chuig cláir bainistíochta comhroinnte a choinneáil siar***

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le buiséad an Aontais a chosaint trí chéatadán de na híocaíochtaí chuig cláir bainistíochta comhroinnte a choinneáil siar**

Maidir leis an gcomhaontú arna dhéanamh ag na comhreachtóirí chun an ráta coinneála ar íocaíochtaí bainistíochta comhroinnte a laghdú ó 10 % go 5 %, measann an Coimisiún go gcruthaíonn sé riosca méadaithe go n-íocfaidh buiséad an Aontais méideanna a ndéantar neamhrialtachtaí difear dóibh.

Chun an riosca sin a íoslaghdú, bainfidh an Coimisiún úsáid iomchuí as briseadh íocaíochtaí le cláir agus íocaíochtaí a chur ar fionraí nuair a mheasann sé nach leor an ráta coinneála 5 % chun méid aon neamhrialtacht fhéideartha a chumhdach.